NUACHTLITIR DRÁMAÍOCHTA

SAMHRADH 2013

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com

Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Lucht buaite na nGradam ag An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta le baill choistí eagraithe, moltóirí agus Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

Ag glacadh le gradaim na féile ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D. – Siobhán Ní Chathalláin, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne; Pádraig Ó Caomhánaigh agus Micheál Ó Tuairisg, Corr na Móna.

Clúdach:
Lucht buaite gradam le hAire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D. agus cuid den lucht féachana ag an Fhéile Náisiúnta:
Micheál Pasoma, thar cheann (Aisteoirí Mhíobhaigh)
Proinsias Ó Cuilinn, Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill (Gradam Aisteoireachta)
Con Ó Cróinín, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach. (Gradam Léiritheoireachta)

Gradam Aisteoireachta á bhronnadh ar Áine Ní Chuinn, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach, ag Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

Na Gradaim a bronnadh ag Féile Náisiúnta Drámaíochta 2013

Gradam Scríbhneoireachta:

Proinsias Ó Cuilinn, Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh
don dráma *An Deoraí Dorcha*.

Gradaim Léiritheoireachta:

Tomás Ó hIcí, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne
don dráma *An Péintéir agus an Pósadh* le Sam Cree.
Con Ó Cróinín, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach
don drama *An Cráiteachán* le Molière.

Gradam Foirne:

Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill
don dráma *An Deoraí Dorcha.*

Gradaim Aisteoireachta:

Diarmuid Ó Maolchalláin, Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire
don dráma *Mac na Baintrí* le Mary Lavin.
Ann Mhic Conluain, Aisteoirí na gCopaleen, An Srath Bán, Co. Thír Eoghain
don dráma *An Pota Anraith* le W.B. Yeats.
Cathal Ó Catháin, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach
don dráma *An Cráiteachán* le Molière.
Siobhán Ní Chathalláin, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne
don dráma *An Péintéir agus an Pósadh* le Sam Cree.
Áine Ní Chuinn, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach
don dráma *An Cráiteachán* le Molière.
Noelí Ó Maoileoin, Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne
don dráma *An Péintéir agus an Pósadh* le Sam Cree.
Liam Ó Riain, Aisteoirí an tSean-Phobail, Na Déise,
don dráma *An Pota Anraith* le W.B. Yeats.

Gradaim na hÉigse:

Pádraig Ó Duithche agus Pádraig Ó Coirbín, Corr na Móna (Agallamh)
Jacinta agus Máirín Ní Chonghaile, Baile na hAbhann (Agallamh)
Micheál Ó Tuairisg agus Pádraig Ó Caomhánaigh, Corr na Móna (Agallamh)

Colm Ó Baoill, Foras na Gaeilge a d'oscail An Fhéile Náisiúnta go hoifigiúil.

Aisteoirí an tSean-Phobail, Na Déise, a léirigh an dráma *An Pota Anraith* le W.B. Yeats ag an Fhéile Náisiúnta.

ó chlé: Úna de Paor, Pádraig Seosamh Ó Mathúna, Niamh Ní Mhuirí agus Liam Ó Riain. Bronnadh Gradam Aisteoireachta ar Liam Ó Riain.

Casann cairde le chéile in dhiaidh Aifreann na Féile

ó chlé: Jacinta Ní Chonghaile, Baile na hAbhann, Áine Uí Chuill, Cúil Aodha, Tomás Ó Ceallaigh, Baile Mhuirne agus Indreabhán; Boscó Ó Conchúir agus Tomás Ó hÍcí, Corca Dhuibhne.

Edward Hutchinson, Aisteoirí Bhréanainn ag glacadh le gradam ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

"Agallamh na bPolaiteóirí" ag Éigse na Féile!

Seán Ó Cuill, Cúil Aodha agus Seán Ó Tuairisg, Cois Fharraige.

Aithnítear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30, gur gá an Ghaeilge a fhorbairt ar bhealaí nua agus go bhfuil tábhacht ar leith ag earnálacha na teicneolaíochta faisnéise, na meán agus na n-ealaíon sa chomhthéacs seo…

Feictear domsa go bhfuil dushraith mhaith leagtha síos ag an Chomhlachas cheana trína chuid gníomhaíochtaí éagsúla chun daoine a threorú agus a spreagadh i dtreo na n-ealaíon cruthaitheacha. . . . .

– Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

Cuirim fearaibh na fáilte romhaibh go léir ó na ceithre cúigí a thaistil go speisialta le bheith linn anocht. Fáiltím roimh RTÉ Raidió na Gaeltachta atá i láthair arís i mbliana chun bronnadh na ngradam a chraoladh beo agus scéal na drámaíochta a chur i mbéal an phobail mhóir.

Is mian liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do dhíogras an Chomhlachais i bhforbairt na drámaíochta Gaeilge. Tá obair éachtach curtha i gcrích aige thar na blianta chun suim a spreagadh i gcúrsaí amharclainne agus go deimhin, i scríobh drámaí. Is iomaí duine a cheap nach leagfadh said cos ar stáitse nó peann ar phár ariamh agus a fuair an spreagadh le tabhairt faoi cheird na haisteoireachta nó na scríbhneoireachta tar éis freastal ar chuid d'imeachtaí an Chomhlachais.

Tá sé tráthúil mar sin an deis seo a bheith againn chun aitheantas ar leith a thabhairt don tsár-obair atá ar bun go deonach ag na haisteoirí, na scríbhneoirí agus na léiritheoirí ar fud na tíre – daoine atá lán-pháirteach i gcaomhnú ár n-oidhreachta agus ár dteanga. Tá a fhios againn go maith go gcaillteár go leor allais agus go dteastaíonn obair na gcapall chun bheith chomh proifisiúnta leis na haisteoirí a bhí ar stáitse ar feadh na deireadh seachtaine – maith sibh! Tá spiorad na meithle le feiceáil go tréan san obair seo go léir agus tá moladh mór tuillte ag gach duine agus ag gach coiste a raibh lámh nó páirt acu ann dá réir.

Aithnítear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30, gur gá an Ghaeilge a fhorbairt ar bhealaí nua agus go bhfuil tábhacht ar leith ag earnálacha na teicneolaíochta faisnéise, na meán agus na n-ealaíon sa chomhthéacs seo. Go sonrach, faoi chuspóir 9 den Straitéis, beifear ag díriú isteach ar an sprioc chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh le scríobh i nGaeilge a chothú i measc daoine óga i raon meán – iriseoireacht, blagáil, scríbhneoireacht chruthaitheach, drámaíocht agus scripteanna scannán. Feictear domsa go bhfuil dushraith mhaith leagtha síos ag an Chomhlachas cheana trína chuid gníomhaíochtaí éagsúla chun daoine a threorú agus a spreagadh i dtreo na n-ealaíon cruthaitheacha.

Ag glacadh le gradaim na féile ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D. – Gearóid Ó Deoráin, Aisteoirí na gCopaleen, An tSrath Bán, Co. Thír Eoghain agus Treasa Uí Néill, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach.

Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire a léirigh an dráma *Mac na Baintrí* le Mary Lavin ag an Fhéile Náisiúnta.
ó chlé: Emer Nic Cionnaith, Marian Mhic Cionnaith, Diarmuid Ó Maolchalláin agus Ciara de Barra.
Bronnadh Gradam Aisteoireachta ar Dhiarmuid Ó Maolchalláin.

Áine Uí Chuill agus Eibhlín Ní Lionáird, Aisteoirí Chúil Aodha i radharc as an dráma *Eachtra an Phacaire agus na Caillí.*

Jacinta Ní Chonghaile agus Máirín Uí Chonghaile, Baile na hAbhann, Conamara ag glacadh le Gradam na hÉigse ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

Drámaíocht sa bPobal

Síle Nic Chonaonaigh ag caint ag Ócáid Bhronnta na nGradam ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta

Síle Nic Chonaonaigh

Thosaigh an deireadh seachtaine drámaíochta seo le Ceiliúradh ar Thomás Ó Maolruaidh, aisteoir as Corr na Móna, fear a chonaic muid ag na féilte le blianta fada. Thug a chairde agus a chomhghleacaithe ómós dhó ar stáitse, agus ní dóigh liom go bhféadfá léiriú níos soiléire a fháil ar an tábhacht a bhaineann le drámaíocht sa bpobal. Cruthaíonn an drámaíocht dlúth-cheangailtí cairdis i mbailte beaga ar fud na tíre, agus ní amháin sna bailte sin – tugann an drámaíocht na pobail éagsúla sin le chéile chomh maith.

Tá gach ceann de na drámaí a chonaic muid ón Aoine seo caite pobal-bhunaithe, sa méid is go n-úsáideann siad an pobal áitiúil le fuinneog a oscailt ar an saol faoi leith atá i ngach scéal, bíodh sé áitiúil nó idirnáisiúnta. Cuireann siad ag smaoineamh muid, ag gáire nó ag gol.

Dúirt Colm ó Baoill ag tús na féile go bhfuil íobairtí ag baint le dráma a chur ar stáitse, agus tá mé cinnte go n-aontódh gasúir agus fir 's mná céile na léiritheoirí, aisteoirí agus foirne bainistíochta le sin! Ach is fiú é, mar tarlaíonn rud eicint nuair a thagann daoine le chéile le dráma a dhéanamh. Tá an dúshlán ann script a roghnú, aisteoirí a roghnú agus a thabhairt le chéile chuile sheachtain ar feadh roinnt míonna. Ag deireadh an lae bíonn seans agat draíocht faoi leith a chruthú le dráma, lucht féachana beo a spreagadh agus a thabhairt leat ar do thuras.

Sláine Ní Chathalláin, Aisteoirí Bhréanainn ag glacadh le gradam ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

Amharclann Nua i gCarn Tóchair

Fáiltímid roimh an amharclann nua atá á tógáil i gCarn Tóchair, Co. Dhoire.

Is forbairt thábhachtach í seo a d'fhás ó na léirithe drámaíochta ag Aisteoirí Charn Tóchair go leanúnach ó 2010 go dtí léiriú na bliana seo ag An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta.

Oifigigh an Chomlachas Náisiúnta Drámaíochta leis an Aire Stáit

Proinsias Ó hOireachtaigh, Cathaoirleach Náisiúnta; Áine Uí Chuill, Rúnaí Náisiúnta agus Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D.

Drámaíocht san Iarthuaisceart á plé le linn na Féile Náisiúnta

Ar chúl (ó chlé): Seán Ó Morónaigh, Stiúrthóir an Chomhlachais; Marian Mhic Cionnaith, Aisteoirí Charn Tóchair; Úna Uí Ghonlaigh, Grúpa Drámaíochta Chalraigh, Sligeach; Fiona Pasoma, Aisteoirí Mhíobhaigh, na Dúnaibh agus Máirtín Mac Donnchadha, Fear a' Tí na Féile Náisiúnta.
Chun tosaigh: Máire Ní Dhochartaigh, Aisteoirí na gCopaleen, An Srath Bán; Mairéad Ní Ghonlaigh, Grúpa Drámaíochta Chalraigh agus Ciara de Barra, Aisteoirí Charn Tóchair.

Is ó Oileán Árainn Mhór, Tír Chonaill do Ghráinne Uí Ghloinn, Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach agus tá sí anseo (*sa lár – chun tosaigh*) le hAisteoirí na hÓmaí, Tír Eoghain, a léirigh scéaldráma béaloideasa as Árainn Mhór ag Éigse na Féile Náisiúnta. Chun tosaigh léi tá Cáit Uí Dhonnaile agus Siubhán Uí Ghrianna.
Ar chúl: Seán P Ó Ruadháin, Páidí Ó Duilearga, Damian Ó Haicéad, Caoimhín Mag Uigin agus Máire Uí Chathail.

LE TEACHT

Ceardlann do dhrámaí nua-scríofa á stiúradh ag Proinsias Ó Cuilinn
ag Na Dúnaibh, Tír Chonaill
14, 15, 16 Meitheamh 2013
Chun tuilleadh eolais d'fháil cuir glaoch ar Phroinsias ***087 9081854***

An Cráiteachán le Molière á léiriú ag Aisteoirí Lóchrainn, Ceatharlach
ag Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge i Halla Chomharchumann Oileán Árainn Mhóir
Satharn, 6 Iúil ag 8.00 p.m.

An Deoraí Dorcha le Proinsias Ó Cuilinn á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh
i gColáiste Gaeilge Ros Goill, Na Dúnaibh
Aoine, 21 Meitheamh, Máirt, 23 Iúil agus Luan, 5 Lúnasa

Caitlín Ní Uallacháin le W.B. Yeats á léiriú ag Aisteoirí an Aonaigh, Tiobraid Árann
ag Dún Mhuire, An tAonach
Satharn, 14 Meán Fómhair